2026/390

25.2.2026

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/390 ÓN gCOIMISIÚN

an 23 Feabhra 2026

maidir le síneadh a chur leis an ngníomhaíocht a rinne Aireacht na hÍsiltíre um Bonneagar agus um Bainistiú Uisce lena gceadaítear an táirge bithicídeach Vectobac WG a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2026) 980)

(Is é an téacs Ollainnise amháin atá barántúil)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ([1]), agus go háirithe Airteagal 55(1), an tríú fomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 1 Bealtaine 2025, ghlac Aireacht na hÍsiltíre um Bonneagar agus um Bainistiú Uisce ('údarás inniúil na hÍsiltíre') cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 55(1), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, ionas go gceadófar an táirge bithicídeach Vectobac WG a chur ar fáil ar an margadh, agus a úsáid ag úsáideoirí gairmiúla, chun muiscítí andúchasacha ionracha, bíodh siad ina larbhaí nó ina n-aosaigh, a rialú i suíomhanna faoi dhíon go dtí an 28 Deireadh Fómhair 2025 ('an ghníomhaíocht'). Chuir údarás inniúil na hÍsiltíre an Coimisiún agus údaráis inniúla na mBallstát eile ar an eolas faoin ngníomhaíocht agus faoin údar a bhí léi, i gcomhréir le hAirteagal 55(1), an dara fomhír, den Rialachán sin.

(2) Is táirge bithicídeach de chineál táirge 18 é Vectobac WG ('feithidicídí, acairicídí agus táirgí chun artrapóid eile a shrianadh'), mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Is éard atá ann tréithchineál AM 65-52 de *Bacillus thuringiensis* subsp *israelensis* mar shubstaint ghníomhach agus níl sé údaraithe san Ísiltír ach amháin lena úsáid amuigh faoin aer. Leis an ngníomhaíocht, ceadaíodh d'úsáideoirí gairmiúla Vectobac WG a úsáid faoi dhíon, in áiteanna ina mbraitear muiscítí andúchasacha ionracha a bheith i láthair.

(3) De réir na faisnéise a chuir údarás inniúil na hÍsiltíre ar fáil, bhí gá leis an ngníomhaíocht chun an tsláinte phoiblí a chosaint. Is féidir le muiscítí andúchasacha ionracha, amhail *Aedes albopictus* agus *Aedes aegypti*, a bheith mar veicteoir chun galair thrópaiceacha a tharchur, mar shampla fiabhras deinge agus fiabhras buí agus d'fhéadfaidís an tsláinte phoiblí a chur i mbaol. Braitheadh muiscítí andúchasacha ionracha a bheith i láthair san Ísiltír, ní hamháin amuigh faoin aer, ach i suíomhanna faoi dhíon freisin, amhail calafoirt agus aerfoirt. De réir údarás inniúil na hÍsiltíre, níl aon rogha mhalartach ar fáil chun muiscítí andúchasacha ionracha agus a larbhaí a rialú i suíomhanna faoi dhíon.

(4) An 2 Meán Fómhair 2025, fuair an Coimisiún iarraidh réasúnaithe ó údarás inniúil na hÍsiltíre maidir le síneadh ar an ngníomhaíocht a cheadú i gcomhréir le hAirteagal 55(1), an tríú fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Bhí an iarraidh réasúnaithe bunaithe ar an imní go bhféadfaí láithreacht muiscítí andúchasacha a bhrath fós i suíomhanna faoi dhíon tar éis an 28 Deireadh Fómhair 2025, rud atá ina bhagairt don tsláinte phoiblí, agus ar an ngá atá ann a bheith in ann na muiscítí sin a rialú agus an riosca a bhaineann le galair fhéideartha a d'fhéadfaidís a tharchur a íoslaghdú.

(5) De réir na faisnéise a sholáthair údarás inniúil na hÍsiltíre, cuireadh in iúl dó go raibh sé beartaithe iarratas a chur isteach ar údarú Vectobac WG lena gcumhdaítear an úsáid faoi dhíon freisin. Bheadh údarú an táirge le haghaidh úsáid faoi dhíon ina réiteach fadtéarmach maidir le húsáid Vectobac WG. Tá gá le ham suntasach, áfach, chun an t-iarratas a ullmhú agus chun meastóireacht a dhéanamh air ina dhiaidh sin.

(6) D'fhéadfadh an easpa rialaithe chuí ar mhuiscítí andúchasacha ionracha agus ar a larbhaí an tsláinte phoiblí a chur i mbaol agus ní féidir an chontúirt sin a shrianadh go leordhóthanach trí roghanna malartacha eile a úsáid. Dá bhrí sin, is iomchuí cead a thabhairt d'údarás inniúil na hÍsiltíre síneadh a chur leis an ngníomhaíocht ar feadh tréimhse 550 lá.

([1]) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/528/oj.

(7) Ós rud é go ndeachaigh an ghníomhaíocht in éag an 28 Deireadh Fómhair 2025, ba cheart feidhm chúlghabhálach a bheith ag an gCinneadh seo.

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Tháirgí Bithicídeacha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Maidir leis an ngníomhaíocht lena gceadaítear an táirge bithicídeach Vectobac WG a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ag úsáideoirí gairmiúla, chun muiscítí andúchasacha ionracha, bíodh siad ina larbhaí nó ina n-aosaigh, a rialú i suíomhanna faoi dhíon, féadfaidh Aireacht na hÍsiltíre um Bonneagar agus um Bainistiú Uisce síneadh a chur léi go dtí an 2 Bealtaine 2027, ar choinníoll go n-áiritheoidh sí nach n-úsáidfear an táirge ach amháin sna suíomhanna sin inar braitheadh muiscítí andúchasacha ionracha a bheith i láthair iontu.

Airteagal 2

Is chuig Aireacht na hÍsiltíre um Bonneagar agus um Bainistiú Uisce a dhírítear an Cinneadh seo.

Beidh feidhm aige ón 29 Deireadh Fómhair 2025.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Feabhra 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
Olivér VÁRHELYI
Comhalta den Choimisiún